

Héileacaptar an Gharda Cóta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoi héileacaptar nua an Gharda Chóta. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, déan iarracht na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:

Céard atá ar eolas agat faoin nGarda Cóta?

An raibh tú riamh ar héileacaptar?

Ceist 2 Anois, gan féachaint go fóill, déan iarracht na focail Ghaeilge a mheaitseáil leis na focail Bhéarla seo. Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le freagraí an duine in aice leat.

display _____ teacht i gcomharbacht

functioning _____ cumhachtach

sophisticated _____ othair

rescue _____ sofaisticiúil

missing _____ uirlis shábháilteachta

powerful _____ cuardaigh

patients _____ tarrtháil

to succeed in office _____ taispeáint

search _____ ar iarraidh

safety device _____ ag feidhmiú

Ceist 3 a) Anois féach ar an mhír agus déan iarracht achoimre ghairid a scríobh faoin tuairisc.

b) Anois déan iarracht na ceisteanna thíos a fhreagairt:

1. Cé mhéad bliain a bhí an S61 ag feidhmiú as an tSionainn?
2. Cé mhéad míle amach ón gcóta a rachaidh an héileacaptar nua?
3. Cé mhéad míle amach ón gcóta a théadh an seanhéileacaptar?
4. Cá mbeidh an héileacaptar nua lonnaithe?
5. Cé mhéad héileacaptar eile a bheidh acu an bhliain seo chugainn?
6. Cén áit i gCorcaigh a raibh an S61 ag cuardach iascairí atá ar iarraidh?

Ceist 4

a) Anois, féach ar an bpíosa thíos atá tógtha ón mír.

Déan iarracht nóta gramadaí a scríobh faoi na focail atá i *gcló iodálach* thíos.

Seo radharc a chuir gliondar croí ar bhádóirí a bhí i dtrioblóidí i *bhfarragí na hÉireann* ó bunaíodh an Garda Cóta anseo i 1923. Héileacaptar tarrhála agus cuardaigh é an Sikorsky S61 ag teacht ar ais chuig a bhunáit in Aerfort na Sionainne i ndiaidh a bheith **ag cuardach** an dá iascaire atá ar iarraidh go fóill i gCuan Dor i gCorcaigh. Inniu, **cuireadh** an héileacaptar úr nua an Sikorsky S92 ar taispeáint anseo sa tSionainn, **níos cumhachtaí** agus níos sofaisticiúla a thiocfaidh i gcomharbacht ar an **seancheann** a bhí caoga bliain d'aois agus a bhí ag feidhmiú as an tSionainn le bliain agus fiche. **Cuirfear** tús i gceann cúpla seachtain ...

b) Anois déan iarracht comhfhocail a dhéanamh de na focail thíos:

- 1) Sean + duine
- 2) Mór + siúl
- 3) Am + clár
- 4) Iar + dearcadh
- 5) Droch + lá
- 6) Sean + teach

Ceist 5

'Traenáil na bpíolótaí'

Cén ghné den ghramadach atá i gceist sa ráiteas thuas?

Bain amach na lúbíní thíos agus scríobh isteach an leagan ceart.

1. Dath (na + geansaithe)
2. Teangacha (na + tíortha) coimhthíocha
3. Costas (na + bróga)
4. Brí (na + focail)
5. Éadaí (na + mná)
6. Leithris (na + fir)
7. Blas (na + milseáin)
8. Liosta (na + daoine)

Ceist 6

Déan an ráiteas thíos a phlé. Is féidir é a úsáid mar rún díospóireachta.

Tá géarghá le níos mó héileacaptar i bhfianaise na dtubaistí farraige atá tarlaithe le déanaí.

Treoracha

Ceist 1 Déan na ceisteanna thíos a phlé leis an duine in aice leat.

Ceist 2

display _____ taispeáint
functioning _____ ag feidhmiú
sophisticated _____ sofaisticiúil
rescue _____ tarrtháil
missing _____ ar iarraidh
powerful _____ cumhachtach
patients _____ othair
to succeed in office _____ teacht i gcomharbacht
search _____ cuardaigh
safety device _____ uirlis shábháilteachta

Ceist 3

a) Ba cheart don dalta achoimre ghairid a chumadh bunaithe ar phríomhphointí na míre.

b)

1. Tá an S61 ag feidhmiú as an tSionainn le bliain is fiche anuas.
2. Rachaidh an héileacaptar nua suas le 300 míle amach ón gcósta.
3. Théadh an seanhéileacaptar suas le 100 míle amach ón gcósta.
4. Beidh an héileacaptar lonnaithe in aerfort na Sionainne.
5. Táthar ag súil le ceithre héileacaptar eile roimh an mbliain seo chugainn.
6. Bhí an S61 i gCuan Dor, i gCorcaigh ag cuardach na n-iascairí.

Ceist 4

a) ...i bhfarraigí **na hÉireann**- Tuiseal ginideach uatha, baininscneach. Dhá ainmfhocal le chéile.

ag cuardach – Ainm briathartha. Leanann an tuiseal ginideach é de ghnáth.

cuireadh – Saorbhriathar, aimsir chaite den bhriathar ‘cuir’

níos cumhachtaí – Breischéim na haidiachta. Níos + cumhachtach.

Cuirfear- Saorbhriathar, aimsir fháistineach den bhriathar ‘cuir’

Seancheann-Comhfhocal sean + ceann. Cuirtear séimhiú ann ag tús an dara focal más féidir. Cuirtear riail an D,N,T,L,S i bhfeidhm.

- | | |
|-------------------|-----------------------|
| 1) Sean + duine: | Seandúine (D,N,T,L,S) |
| 2) Mór + siúl: | Mórshiúl |
| 3) Am + clár | Amchlár |
| 4) Iar + dearcadh | Iardhearcadh |
| 5) Droch + lá | Drochlá |
| 6) Sean + teach | Seanteach (D,N,T,L,S) |

Ceist 5

An tuiseal ginideach iolra atá i gceist.

1. Dath na ngeansaithe
2. Teangacha na dtíortha coimhthíocha
3. Costas na mbróg
4. Brí na bhfocal
5. Éadaí na mban
6. Leithris na bhfear
7. Blas na milseán
8. Liosta na ndaoine

Ceist 6

Is féidir an ráiteas a phlé nó é a úsáid mar rún díospóireachta.

Éimear Ní Chonaola

Ag Aerfort na Sionainne i gContae an Chláir inniu cuireadh ar taispeáint don chéad uair héileacaptar nua cuardaigh Gharda Cóstá na hÉireann. Tá an Sikorsky nó S92 le teacht¹ in áit an tsean-héileacaptair, an S61, atá ag feidhmiú amach as an tSionainn le bliain agus fiche. Beidh an héileacaptar nua in ann dul trí chéad míle amach ón gcósta i gcomparáid le céad míle a bhí an sean-héileacaptar in ann a dhéanamh.

Ailbhe Ó Monacháin

Seo radharc a chuir gliondar croí ar bhádóirí a bhí i dtrioblóidí i bhfarraigí na hÉireann ó bunaíodh an Garda Cóstá anseo i 1923. Héileacaptar tarrthála agus cuardaigh é an Sikorsky S61 ag teacht ar ais chuig a bhunáit in Aerfort na Sionainne i ndiaidh a bheith ag cuardach² an dá iascaire atá ar iarraidh go fóill i gCuan Dor i gCorcaigh. Inniu cuireadh an héileacaptar úr nua an Sikorsky S92 ar taispeáint anseo sa tSionainn, aerárthach níos cumhachtaí agus níos sofaisticiúla a thiocfaidh³ i gcomharbacht ar an tsean cheann a bhí caoga bliain d'aois agus a bhí ag feidhmiú as an tSionainn le bliain agus fiche.

Tiocfaidh an-fheabhas⁴ ar an tseirbhís⁵ mar tá na héileacaptair seo níos tapaidh. Beidh siad ábalta dul trí chéad míle amach ón gcósta ar an bhfarraige - beidh siad ábalta fanacht amuigh⁶ ar feadh leathuair a chloig; roimhe seo ní raibh an sean héileacaptar ábalta é sin a dhéanamh.

Tá an héileacaptar féin níos cumhachtaí⁷ mar uirlis shábháilteachta anois agus cuardaigh⁸, tá sé i bhfad níos fearr agus tá trealamh nua ann freisin, agus tá leibhéal níos airde chun plé leis na hothair freisin. Mar sin tá sé i bhfad níos fearr.

Cuirfear tús i gceann cúpla seachtaine le traenáil na foirne agus na bpíolótaí don úr héileacaptar seo. Ar an chéad lá de mhí Iúil a thosóidh an obair i ndáiríre. Is é sin tús amach ón tSionainn le seirbhís cuardaigh agus tarrthála don héileacaptar úr seo agus chomh maith leis sin táthar ag súil le ceithre cinn eile de na héileacaptair seo a fháil don Gharda Cóstá as seo go dtí an bhliain seo chugainn.

Ailbhe Ó Monacháin

Ag Bunáit, gar do Chósta na hÉireann, sa tSionainn

¹ “le theacht” a deirtear

² “ag cuartú” a deirtear

³ “a thioctas” a deirtear

⁴ fágtar an séimhiú ar lár

⁵ “an seirbhís” a deirtear

⁶ “amach” a deirtear

⁷ “Cumhachtmhar” a deirtear sa mhír

⁸ Ní úsáidtear foirm an ghinidigh uatha sa mhír

VIFAX 31 Eanáir 2012
Meánleibhéal